National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Foghlaim Seirbhíse sa Teiripe Urlabhra agus Theanga

Tá raon modúl foghlaim seirbhíse ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu, mar aon le gníomhaíocht a théann chun tairbhe an phobail.

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Clár For-rochtana Afáise
Rionn	Teiripe Urlabhra agus Theanga
Rannpháirtithe	Mic Léinn 4ú Bliana Fochéime Teiripe Urlabhra agus Theanga
Oideolaíocht	Foghlaim seirbhíse / foghlaim pobalbhunaithe
Modh	Oiltear mic léinn ionas gur féidir leo feidhmiú mar chomhpháirtithe comhrá do dhaoine sa phobal áitiúil a bhfuil afáise acu
Rannpháirtithe	25-30 mac léinn
Uaireanta	7 n-uaire d'oiliúint mar chomhpháirtí comhrá 8 n-uaire tacaíocht teagaisc 10-12 uair sa phobal
Creidiúintí	Pas/Teip
Bunábhair	Logaí machnamhacha Taighde, dearadh agus forbairt póstaer. Láithreoireacht bunaithe ar Chomhdháil na Mac Léinn Teiripe Shaothair agus Teiripe Urlabhra agus Theanga
Measúnacht	100% Obair chúrsa lena n-áirítear: Oiliúint mar chomhpháirtí comhrá a chríochnú Cuairteanna seachtainiúla uair an chloig chuig an gcomhpháirtí comhrá Logaí seachtainiúla de na cuairteanna a sholáthar Rannpháirtíocht i ranganna teagaisc gach coicís Obair ghrúpa – taighde, dearadh agus táirgeadh póstaer Láithreoireachtaí bunaithe ar Chomhdháil na Mac Léinn Teiripe Shaothair agus Teiripe Urlabhra agus Theanga
Fad	Seimeastar amháin
Comhpháirtithe Pobail	Daoine thart ar réigiún na Gaillimhe a bhfuil afáise orthu de dheasca lot faighte inchinne Comhaltaí den Roinn Teiripe Urlabhra agus Theanga Chúram Pobail agus Leanúnach Príomhúil na Gaillimhe, Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh CONNECT, Londain.
Roghnach/ Éigeantach	Éigeantach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2006/2007

Réamhrá

Is é atá mar aidhm le foghlaim seirbhíse misean obair phoiblí an ardoideachais a thabhairt chun beochta agus an tábhacht a bhaineann le freagracht shóisialta agus feasacht phoiblí a thabhairt ar aire do mhic léinn. Uirlis oideolaíoch atá ann a thugann spreagadh do mhic léinn foghlaim agus iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an tsochaí – laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Foghlaimíonn mic léinn trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal.

Clár For-rochtana Afáise

Neamhord faighte cumarsáide é afáise a fhaightear de dheasca lot inchinne. Is iad na tréithe a ghabhann leis lagú na modúlachtaí teanga – labhairt, éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht (Chapey, 2001). Ceann de na torthaí is martraithe a bhaineann le hafáise an tslí a fhágtar duine amach as an gcomhrá (Rayner agus Marshall 2003). Ach a mbíonn an múnla CONNECT (www.ukconnect.org) d'oiliúint comhpháirtí comhrá sa 4ú bliain críochnaithe ag mic léinn Teiripe Urlabhra agus Theanga, tugtar deis dóibh dul ag obair le duine a bhfuil afáise air/uirthi atá ag maireachtáil sa phobal. Féadfaidh daoine le hafáise úsáid a bhaint as cumais chaomhnaithe chognaíocha agus shóisialta le páirt a ghlacadh i gcomhrá, ainneoin an lagú teangeolaíoch atá ag dul dóibh.

Tugann mic léinn cuairt ar a gcomhpháirtí comhrá gach seachtain ar feadh tréimhse 10 seachtaine agus is iondúil go dtarlaíonn na cuairteanna seo i suímh éagsúla lena n-áirítear: tithe na gcomhpháirtithe comhrá, tithe altranais agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann. Is é atá mar aidhm leis na cuairteanna seo iarmhairtí sóisialta afáise a laghdú agus cumarsáid shóisialta a chur chun cinn laistigh de chomhthéacsanna nádúrtha (Simmons-Mackie, 2000) don duine a bhfuil afáise aige/aici agus do na mic léinn.

Is iad aidhmeanna an mhodúil for-rochtana Afáise:

- Tuiscint na mac léinn ar nádúr agus ar ról comhrá sa saol laethúil a éascú mar aon leis an tionchar atá ag afáise ar chomhrá;
- Raon straitéisí cumarsáide a fhorbairt a chabhraíonn an teachtaireacht a chur in iúl, agus aitheantas a thabhairt don duine a bhfuil afáise aige/aici;
- Spreagadh a thabhairt do mhic léinn machnamh criticiúil a dhéanamh ar chomhrá pearsanta agus scileanna a fhorbairt chun an comhrá a threisiú agus a leathnú;
- Cabhrú le mic léinn machnamh a dhéanamh ar a dtaithí saoil féin agus conas a d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as a n-acmhainní pearsanta i rith comhrá le duine a bhfuil afáise aige/aici;
- Tús a chur le foghlaim seirbhíse mar oideolaíocht trí léachtaí, plé, obair ghrúpa agus léitheoireacht.

Tairbhe do Mhic Léinn

Iniúchadh a dhéanamh ar afáise trí naisc a chruthú idir seirbhís phoiblí agus staidéar acadúil. Cruthaíonn na cuairteanna seachtainiúla agus an taithí comhrá seo deiseanna foghlama do mhic léinn a bhaineann leis an ábhar teoiriciúil a bhfuil staidéar á dhéanamh acu air. Logaí seachtainiúla machnamhacha agus ranganna coicísiúla teagaisc a bhfuil plé aonair agus grúpa i gceist leis chun machnamh agus foghlaim na mac léinn a éascú. Cuireann mic léinn lena dtuiscint féin ar afáise agus bíonn tuiscint níos fearr acu ar an dearcadh atá ag an tsochaí ar mhíchumas cumarsáide. I measc na nithe a bhí le rá ag mic léinn a ghlac páirt sa mhodúl seo bhí:

"D'fhoghlaim mé faoin tionchar dáiríre a bhí ag afáise ar an duine agus ar an aonad teaghlaigh."

"Thuig mé go raibh níos mó i gceist ná míchumas agus d'fhoghlaim mé nach bhfuil san afáise ach cuid bheag de shaol an duine."

"D'fhoghlaim mé conas a bheith seiftiúil agus conas teacht ar bhealaí nua cumarsáide."

"Bainfidh an-tairbhe leis an méid atá foghlamtha againn ó na cuairteanna seo san obair a bheidh ar bun againn mar chliniceoirí amach anseo."

Mhol na mic léinn atá ag glacadh páirte sa mhodúl for-rochtana afáise, d'aonghuth, gur cheart foghlaim seirbhíse a áireamh mar chuid de chroíchuraclam an chláir chéime Teiripe Urlabhra agus Theanga. Tá léargas ar an méid seo le fáil sa mhéid a dúirt mic léinn le linn an mhodúil a mheas:

"Bhí sé deacair, ach bhí fiúntas ag baint leis."

"Tá tuiscint níos fearr agam anois ar na castachtaí a bhaineann le saol an duine a bhfuil afáise aige/aici."

"Bhí taithí luachmhar le fáil as cleachtadh a dhéanamh ar conas cumarsáid a dhéanamh le cliaint a bhfuil afáise acu."

"Taithí luachmhar foghlama a bhí ann a cheadaigh dom taithí, dearcaí agus creidimh chliant a chur san áireamh agus gan breathnú ar afáise mar lagú."

"Táthar ag súil gur taithí dhearfach foghlama a bhí sa Clár For-rochtana Afáise agus go leanfar leis an gclár sna blianta amach romhainn."

"Ba cheart leanúint leis an modúl foghlaim seirbhíse a chur i bhfeidhm mar chuid den chlár céime teiripe urlabra agus theanga."

Tairbhe don Phobal

Múnla nua de sheachadadh seirbhíse Teiripe Urlabhra agus Theanga atá sa chlár for-rochtana afáise do dhaoine a bhfuil afáise acu. Thug an Bainisteoir Teiripe Urlabhra agus Theanga i gCúram Pobail agus Leanúnach Príomhúil na Gaillimhe (PCCC) le fios gur *"acmhainní ganna iad seirbhísí Teiripe Urlabhra agus Theanga do dhaoine fásta agus go mbaineann deacracht ar leith le hacmhainní a sholáthar do chliaint cúpla bliain i ndiaidh stróc … múnla nua é an clár comhpháirtí pobail le teagmháil a chothú le cliaint trí sheirbhís cúram príomhúil a sholáthar ina dtimpeallacht féin...mheas cliaint agus a dteaghlaigh gur bhain an-chuid tréithe dearfacha leis an gclár seo".*

Dúirt mic léinn gur tháinig feabhas suntasach ar mhuinín agus ar thoilteanas a gcomhpháirtithe comhrá páirt a ghlacadh sa chomhrá de réir a chéile. De bhrí gur iarr na daoine ar fad a bhfuil afáise orthu a ghlac páirt sa mhodúl seo go dtí seo a bheith páirteach sa chlár for-rochtana afáise arís sa chéad bhliain acadúil eile amach romhainn, is léir go bhfuil tairbhe le baint as an gclár.

Dearcadh Acadúil

"Ceann de na príomhphrionsabail atá luaite ag roinn urlabhra agus teiripe theanga OÉ Gaillimh é oibriú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ar fad nuair a bhíonn curaclam an chúrsa á phleanáil agus á chur i bhfeidhm" (Rena Lyons, Stiúrthóir an Chúrsa). Is éard a bhíonn i gceist le cur i bhfeidhm chlár an chomhpháirtí comhrá comhoibriú idir na sé pháirtithe leasmhara agus cruthaíonn an comhoibriú seo taithí luachmhar d'oideachas an mhic léinn i ndáil lena ról laistigh den tsochaí agus na dúshláin laethúla a mbíonn ar dhaoine a bhfuil Afáise orthu déileáil leo. Baineann an-tábhacht le meas, cumarsáid, cruthaitheacht, oscailteacht agus cuimsiú ón duine ar mian leis/léi feidhmiú mar chomhpháirtí comhrá agus tugann an modúl seo deis don mhac léinn a bheith páirteach in idirghníomhaíochtaí agus i bhfoghlaim mhachnamhach a tharraingíonn aird ar na luachanna seo.

Is é an modúl foghlaim seirbhíse seo an chéad phíosa fianaise de mhic léinn Éireannacha ag fáil oiliúna mar chomhpháirtithe comhrá do dhaoine a bhfuil afáise orthu i gceantar na Gaillimhe. Cuirfidh measúnú na hoibre seo leis an litríocht atá ar fáil maidir le mic léinn a oiliúint le feidhmiú mar chomhpháirtithe comhrá do dhaoine a bhfuil afáise orthu. Bhain fíorthábhacht leis an gcomhoibriú le foireann an Tionscnaimh Eolais Phobail (CKI) in OÉ Gaillimh, roinn Teiripe Urlabhra agus Theanga na Gaillimhe sa PCCC agus CONNECT Londain i ndáil le taighde, dearadh agus cur i bhfeidhm an mhodúil for-rochtana afáise. Bhain mic léinn 4ú bliana Teiripe Urlabhra agus Theanga leas as a gcuid eolais agus fuinnimh sa phobal áitiúil; rud a chinntigh gur chruthaigh siad difríocht éigin i saol na ndaoine a bhfuil afáise acu. Tugadh deis do na mic léinn feasacht phoiblí a fhorbairt agus foghlaim ó dhaoine a bhfuil míchumas cumarsáide acu. Is léir ó mheasúnacht atá déanta ar an modúl foghlaim seirbhíse seo go ndeachaigh sé chun tairbhe na bpáirtithe leasmhara ar fad. Tá foghlaim seirbhíse bunaithe againn anois mar ghné lárnach dár gcuraclam sa roinn Teiripe Urlabhra agus Theanga. Táimid ag tnúth le naisc leanúnacha a chruthú lenár gcomhghleacaithe agus lenár gcláir for-rochtana afáise amach anseo.